Teifeach Siriach

Rami Basisah

Teifeach Siriach

Is veidhleadóir cumasach é an teifeach Siriach Rami Basisah a theith óna thír féin de bharr cogaidh. Ba innealtóir ailtire é a athair agus ba mhúinteoir í a mháthair. D'fhoghlaim Rami an veidhlín ag aois óg. Tá sé ina chónaí anois sa Ghearmáin, agus sheinn sé ar an veidhlín i Halla Royal Albert ar na mallaibh.

Beirt Fheirmeoirí

Katie Baldwin agus Amanda Merrow

Beirt Fheirmeoirí

Fásann Katie Baldwin agus Amanda Merro glasraí agus luibheanna orgánacha ar Fheirm Amber Waves i Nua-Eabhrac.

Damhsóir Bailé

Carlos Acosta

Damhsóir Bailé

Rugadh Carlos Acosta i gCúba. Is é an duine is óige é de 11 páiste. Bhí dúil aige sa pheil agus sa bhrisdamhsa. D'fhoghlaim sé bailé i gCúba agus anois is damhsóir bailé den chéad scoth é.

Spásaire

Mae Carol Jemison

Spásaire

Is innealtóir, lia agus spásaire NASA í an Meiriceánach Mae Carol Jemison. Ba í an chéad bhean Afrai-Mheiriceánach í le taisteal sa spás nuair a chuaigh sí ar fithis ar bord an Spástointeálaí Endeavour ar an 12ú Meán Fómhair 1992.

Triúr atá díreach gafa

Nancy Nelson, Deena Romoff, agus Margie Heller

Daoine Gafa

In 2016, gabhadh Nancy Nelson, Deena Romoff agus Margie Heller, atá ina mbaill den ghrúpa gníomhaithe 'Raging Grannies, as ráillí iarnróid a bhlocáil. Bhlocáil siad seo mar agóid ar ghluaiseacht na dtraenacha ola agus guail tríd Spokane in Washington sa bhliain 2016. "Bhí muid sásta a bheith gafa chun athrú aeráide a stopadh," ar Nancy Nelson. "Agus na traenacha ola agus guail ag dul tríd cathair s'againn, is fadhb thromchúiseach í seo a chaithfidh muid dul i ngleic léi."

Beirt Bhan Afracach

Petrider agus Upendo

Beirt Bhan Afracach

Tá an póstaer ina lámha ag Petrider agus Upendo. Tá siad agus a gcairde ina mbaill d'Fhoireann Youth4Change na Tansáine. Is gníomhaithe óga iad atá ag obair chun athruithe dearfacha a dhéanamh do dhaoine óga ina dtír féin. Tabhair cuairt orthu ag an nasc www.youthforchange.org/tanzania-youth-team